Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0167(COD)

14.2.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní
(COM(2022)0245 – C9-0186/2022 – 2022/0167(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Loránt Vincze

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta
Sergey Lagodinsky, Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní
(COM(2022)0245 – C9-0186/2022 – 2022/0167(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0245),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 82(2), d'Airteagal 83(1) agus (2) agus d'Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0186/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Nollaig 2022[1],

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Chun go mbeidh córas aisghabhála sócmhainní éifeachtach, ní mór ionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht, agus maoin a bhfuil amhras ina leith gur de bhunadh coiriúil í, a rianú agus a shainaithint go gasta. Ba cheart na fáltais, na hionstraimeachtaí agus an mhaoin sin a chalcadh d'fhonn nach rachaidh siad ar iarraidh, agus ina dhiaidh sin ba cheart iad a choigistiú tar éis imeachtaí ***coiriúla*** a thabhairt i gcrích. Ina theannta sin, chun go mbeidh córas aisghabhála sócmhainní éifeachtach, is gá freisin maoin chalctha agus choigistithe a bhainistiú go héifeachtach chun a luach a choinneáil seasta le haghaidh an Stáit nó le haghaidh cúiteamh d'íospartaigh.	(3) Chun go mbeidh córas aisghabhála sócmhainní éifeachtach, ní mór ionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht, agus maoin a bhfuil amhras ina leith gur de bhunadh coiriúil í, a rianú agus a shainaithint go gasta. Ba cheart fáltais, ionstraimeachtaí agus an maoin sin a chalcadh d'fhonn nach rachaidh siad ar iarraidh, agus ina dhiaidh sin ba cheart iad a choigistiú tar éis imeachtaí ***in ábhair choiriúla*** a thabhairt i gcrích. Ina theannta sin, chun go mbeidh córas aisghabhála sócmhainní éifeachtach, is gá maoin chalctha agus choigistithe a bhainistiú go héifeachtach chun a luach a choinneáil seasta le haghaidh an Stáit nó le haghaidh cúiteamh d'íospartaigh.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Mar gheall ar chineál ilchoiriúil na n-eagraíochtaí coiriúla a bhfuil baint acu le raon leathan gníomhaíochtaí aindleathacha i margaí éagsúla agus an comhar sistéamach atá dírithe ar bhrabús á dhéanamh acu, is gá, chun an choireacht eagraithe a chomhrac go héifeachtach, go mbeidh bearta calctha agus coigistíochta ar fáil chun na brabúis ó gach cion ina bhfuil grúpaí coireachta eagraithe gníomhach a chumhdach. Áirítear ar na coireanna sin na réimsí coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1), lena n-áirítear an	(9) Mar gheall ar chineál ilchoiriúil na n-eagraíochtaí coiriúla a bhfuil baint acu le raon leathan gníomhaíochtaí aindleathacha i margaí éagsúla agus an comhar sistéamach atá dírithe ar bhrabús á dhéanamh acu, is gá, chun an choireacht eagraithe a chomhrac go héifeachtach, go mbeidh bearta calctha agus coigistíochta ar fáil chun na brabúis ó gach cion ina bhfuil grúpaí coireachta eagraithe gníomhach a chumhdach. Áirítear ar na coireanna sin na réimsí coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1), lena n-áirítear an

gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin mar a shainmhínítear sa Phrótacal in aghaidh monarú aindleathach agus gáinneáil ar airm thine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-armlón lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne coireacht eagraithe trasnáisiúnta, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann. De bhreis ar na coireanna a liostaítear in Airteagal 83(1), ba cheart a chumhdach le raon feidhme na Treorach freisin gach coir a chomhchuibhítear ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear calaoisí i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh i bhfianaise rannpháirtíocht mhéadaitheach grúpaí coiriúla eagraithe sa réimse coireachta sin. Ba cheart a áireamh i raon feidhme na Treorach freisin coireanna comhshaoil, ar gnó lárnach iad do ghrúpaí coiriúla eagraithe agus is minic a bhíonn baint acu le sciúradh airgid nó le dramhaíl ***agus*** le hiarmhair a tháirgtear i gcomhthéacs táirgeadh agus gáinneáil drugaí. Is gnó lárnach do ghrúpaí coiriúla eagraithe é teacht isteach agus cónaí neamhúdaraithe a éascú agus bíonn sé nasctha, de ghnáth, leis an ngáinneáil ar dhaoine.	gháinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin mar a shainmhínítear sa Phrótacal in aghaidh monarú aindleathach agus gáinneáil ar airm thine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-armlón lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne coireacht eagraithe trasnáisiúnta, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann. De bhreis ar na coireanna a liostaítear in Airteagal 83(1), ba cheart a chumhdach le raon feidhme na Treorach freisin gach coir a chomhchuibhítear ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear calaoisí i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh i bhfianaise rannpháirtíocht mhéadaitheach grúpaí coiriúla eagraithe sa réimse coireachta sin. Ba cheart go n-áireofaí i raon feidhme na Treorach coireanna comhshaoil, ar príomhghnó iad do ghrúpaí coiriúla eagraithe agus ar minic iad nasctha le sciúradh airgid***, calaois doiciméad, calaois eacnamaíoch, imghabháil cánach agus éilliú*** nó a bhaineann le ***gáinneáil ar dhramhaíl lena sáraítear an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus caighdeáin lena rialaítear bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola, lena n-áirítear*** iarmhair a tháirgtear i gcomhthéacs táirgeadh agus gáinneáil drugaí. Is gnó lárnach do ghrúpaí coiriúla eagraithe é teacht isteach agus cónaí neamhúdaraithe a éascú agus bíonn sé nasctha, de ghnáth, leis an ngáinneáil ar dhaoine.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Tá ról ríthábhachtach ag coireanna	(10) Tá ról ríthábhachtach ag coireanna

eile a dhéantar faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil maidir le hioncam a ghiniúint agus maidir le tuilleadh coireanna a chumasú, lena n-áirítear coireanna tromchúiseacha de chineál trasteorann. Ba cheart na coireanna sin a áireamh i raon feidhme na Treorach a mhéid a dhéantar iad faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil. Tá nasc idir góchumadh agus píoráideacht táirgí agus sciúradh airgid agus brionnú doiciméad, agus cuireann sé feidhmiú an mhargaidh aonair agus iomaíocht chóir i mbaol. Is minic a bhíonn gáinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne, fite fuaite le sciúradh airgid agus is foinse thábhachtach maoinithe í do ghrúpaí coiriúla eagraithe. Is uirlis chumasúcháin ríthábhachtach é brionnú doiciméad riaracháin agus gáinneáil orthu, lena n-áirítear doiciméid bhainc nó doiciméid aitheantais, le haghaidh sciúradh airgid, gáinneáil ar dhaoine, nó smuigleáil imirceach, agus ba cheart, dá réir sin, iad a chumhdach i raon feidhme na Treorach sin. Áirítear ar choireanna eile a dhéantar go minic faoi chuimsiú grúpa coireachta eagraithe dúnmharú nó mórdhíobháil choirp, chomh maith leis an trádáil aindleathach in orgáin dhaonna agus fíochán daonna, ar foinse ioncaim iad do ghrúpaí coireachta eagraithe i gcomhthéacs maruithe ar conradh, imeaglú agus gáinneáil ar dhaoine. Ar an gcaoi chéanna, baintear úsáid as fuadach, srianadh neamhdhleathach nó gialla a ghabháil, chomh maith le cambheartaíocht agus sracadh, mar fhoinse ioncaim trí airgead fuascailte a bhailiú nó mar chleachtais imeaglaithe in aghaidh naimhde. Tá coir na robála eagraithe nó armtha ar cheann de na foirmeacha is coitianta chun brabús a ghiniúint do ghrúpaí coiriúla eagraithe, agus is minic a dhéantar í i gcomhar le coireanna eile, go háirithe gáinneáil ar airm thine. Ar an gcaoi chéanna, ní hamháin gur féidir le gáinneáil ar fheithiclí goidte brabúis a ghiniúint ach is coir chumasúcháin é freisin chun na

eile a dhéantar faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil maidir le hioncam a ghiniúint agus maidir le tuilleadh coireanna a chumasú, lena n-áirítear coireanna tromchúiseacha de chineál trasteorann. Ba cheart na coireanna sin a áireamh i raon feidhme na Treorach a mhéid a dhéantar iad faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil. Tá nasc idir góchumadh agus píoráideacht táirgí agus sciúradh airgid agus brionnú doiciméad, agus cuireann sé feidhmiú an mhargaidh aonair agus iomaíocht chóir i mbaol. Is minic a bhíonn gáinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne, fite fuaite le sciúradh airgid agus is foinse thábhachtach maoinithe í do ghrúpaí coiriúla eagraithe. Is uirlis chumasúcháin ríthábhachtach é brionnú doiciméad riaracháin agus gáinneáil orthu, lena n-áirítear doiciméid bhainc nó doiciméid aitheantais, le haghaidh sciúradh airgid, gáinneáil ar dhaoine, nó smuigleáil imirceach, agus ba cheart, dá réir sin, iad a chumhdach i raon feidhme na Treorach sin. Áirítear ar choireanna eile a dhéantar go minic faoi chuimsiú grúpa coireachta eagraithe dúnmharú nó mórdhíobháil choirp, chomh maith leis an trádáil aindleathach in orgáin dhaonna agus fíochán daonna, ar foinse ioncaim iad do ghrúpaí coireachta eagraithe i gcomhthéacs maruithe ar conradh, imeaglú agus gáinneáil ar dhaoine. Ar an gcaoi chéanna, baintear úsáid as fuadach, srianadh neamhdhleathach nó gialla a ghabháil, chomh maith le cambheartaíocht agus sracadh, mar fhoinse ioncaim trí airgead fuascailte a bhailiú nó mar chleachtais imeaglaithe in aghaidh naimhde. Tá coir na robála eagraithe nó armtha ar cheann de na foirmeacha is coitianta chun brabús a ghiniúint do ghrúpaí coiriúla eagraithe, agus is minic a dhéantar í i gcomhar le coireanna eile, go háirithe gáinneáil ar airm thine. Ar an gcaoi chéanna, ní hamháin gur féidir le gáinneáil ar fheithiclí goidte brabúis a ghiniúint ach is coir chumasúcháin é freisin chun na

hionstraimeachtaí is gá a chur ar fáil chun tuilleadh cionta a dhéanamh. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach coireanna cánach a áireamh sa mhéid go ndéantar iad mar chuid d'eagraíocht choiriúil i raon feidhme na Treorach, ós rud é gur foinse chumasúcháin brabús í an choir shonrach sin, go háirithe nuair a fheidhmítear i gcomhthéacs trasteorann. Is é atá i gceist leis na teicnící tipiciúla a úsáidtear chun calaois chánach nó imghabháil cánach a dhéanamh ná úsáid a bhaint as struchtúir chorparáideacha trasteorann nó as socruithe comhchosúla chun sochair chánach agus aisíocaíochtaí cánach a fháil go calaoiseach, sócmhainní nó brabúis a cheilt, brabúis agus sócmhainní dleathacha a chumasc le brabúis agus sócmhainní aindleathacha nó iad a aistriú chuig eintitis eile thar lear chun a mbunús nó a n-úinéireacht (thairbheach) a cheilt.

hionstraimeachtaí is gá a chur ar fáil chun tuilleadh cionta a dhéanamh. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach coireanna cánach a áireamh sa mhéid go ndéantar iad mar chuid d'eagraíocht choiriúil i raon feidhme na Treorach, ós rud é gur foinse chumasúcháin brabús í an choir shonrach sin, go háirithe nuair a fheidhmítear i gcomhthéacs trasteorann. Is é atá i gceist leis na teicnící tipiciúla a úsáidtear chun calaois chánach nó imghabháil cánach a dhéanamh ná úsáid a bhaint as struchtúir chorparáideacha trasteorann nó as socruithe comhchosúla chun sochair chánach agus aisíocaíochtaí cánach a fháil go calaoiseach, sócmhainní nó brabúis a cheilt, brabúis agus sócmhainní dleathacha a chumasc le brabúis agus sócmhainní aindleathacha nó iad a aistriú chuig eintitis eile thar lear chun a mbunús nó a n-úinéireacht (thairbheach) a cheilt. ***Tá sé tábhachtach freisin gach cion coiriúil ábhartha a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] a áireamh faoi raon feidhme na Treorach sin.***

Dá bhrí sin, ba cheart gáinneáil aindleathach ar ábhair núicléacha nó radaighníomhacha, coireanna laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, urghabháil neamhdhleathach aerárthaí nó long agus sabaitéireacht a chur le raon feidhme na Treorach sin.

[1a] Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta (*IO L 303, 28.11.2018, lch. 1*).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Chun imscrúduithe éifeachtacha rianaithe sócmhainní a dhéanamh, agus chun freagairt go tapa d'iarrataí trasteorann, ba cheart rochtain a bheith ag oifigí um aisghabháil sócmhainní ar an bhfaisnéis lena gcuirtear ar a gcumas dóibh a shuíomh gurb ann do mhaoin a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar d'ordú calctha nó d'ordú coigistíochta, chomh maith le húinéireacht nó rialú na maoine sin. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag oifigí um aisghabháil sócmhainní ar na sonraí ábhartha amhail sonraí fioscacha, clárlanna náisiúnta saoránachta agus daonra, bunachair sonraí tráchtála agus faisnéis slándála sóisialta. Ba cheart a áireamh leis sin faisnéis forfheidhmithe dlí a mhéid is féidir le sonraí amhail taifid choiriúla, stopanna feithicle, cuardaigh maoine agus caingne dlí roimhe seo amhail orduithe calctha agus orduithe coigistíochta nó urghabháil airgid thirim a bheith luachmhar ó thaobh maoin ábhartha a shainaithint. Ba cheart rochtain ar fhaisnéis a bheith faoi réir coimircí sonracha lena gcuirtear cosc ar mhí-úsáid na gceart rochtana. Ba cheart na coimircí sin a bheith gan dochar d'Airteagal 25 de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. Ní chuireann rochtain dhíreach agus láithreach ar an bhfaisnéis sin cosc ar na Ballstáit rochtain a chur faoi réir coimircí nós imeachta mar a bhunaítear faoin dlí náisiúnta agus aird chuí á tabhairt ar an ngá go mbeadh oifigí um aisghabháil sócmhainní in ann freagra a thabhairt go tapa ar iarrataí trasteorann. Níor cheart do chur chun feidhme na gcoimircí nós imeachta le haghaidh rochtain ar bhunachair sonraí difear a dhéanamh do chumas na n-oifigí um aisghabháil sócmhainní freagairt d'iarrataí ó Bhallstáit	(17) Chun imscrúduithe éifeachtacha rianaithe sócmhainní a dhéanamh, agus chun freagairt go tapa d'iarrataí trasteorann, ba cheart rochtain ***dhíreach*** a bheith ag oifigí um aisghabháil sócmhainní ar an bhfaisnéis lena gcuirtear ar a gcumas dóibh a shuíomh gurb ann do mhaoin a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar d'ordú calctha nó d'ordú coigistíochta, chomh maith le húinéireacht nó rialú na maoine sin. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag oifigí um aisghabháil sócmhainní ar na sonraí ábhartha amhail sonraí fioscacha, clárlanna náisiúnta saoránachta agus daonra, bunachair sonraí tráchtála agus faisnéis slándála sóisialta. Ba cheart a áireamh leis sin faisnéis forfheidhmithe dlí a mhéid is féidir le sonraí amhail taifid choiriúla, stopanna feithicle, cuardaigh maoine agus caingne dlí roimhe seo amhail orduithe calctha agus orduithe coigistíochta nó urghabháil airgid thirim a bheith luachmhar ó thaobh maoin ábhartha a shainaithint***. A mhéid is féidir agus i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin i mbunachair sonraí agus i gcórais uathoibrithe, ba cheart an rochtain sin a bheith díreach agus láithreach.*** ***I gcás ina bhfuil gá le hidirghabháil bhreise chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil chun rochtain a chur ar fáil, ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a sholáthar go tapa chun go mbeidh na hoifigí aisghabhála sócmhainní in ann a gcúraimí faoin Treoir sin a chomhlíonadh go héifeachtach***. Ba cheart rochtain ar fhaisnéis a bheith faoi réir coimircí sonracha lena gcuirtear cosc ar mhí-úsáid na gceart rochtana. Ba cheart na coimircí sin a bheith gan dochar d'Airteagal 25 de

eile, go háirithe i gcás iarrataí práinneacha. Ba cheart rochtain ar bhunachair sonraí agus ar chlárlanna ábhartha faoin Treoir sin a bheith ina comhlánú ar an rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc de bhun Threoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] agus ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil de bhun Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25].

Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. Ní chuireann rochtain dhíreach agus láithreach ar an bhfaisnéis sin cosc ar na Ballstáit rochtain a chur faoi réir coimircí nós imeachta mar a bhunaítear faoin dlí náisiúnta agus aird chuí á tabhairt ar an ngá go mbeadh oifigí um aisghabháil sócmhainní in ann freagra a thabhairt go tapa ar iarrataí trasteorann. Níor cheart do chur chun feidhme na gcoimircí nós imeachta le haghaidh rochtain ar bhunachair sonraí difear a dhéanamh do chumas na n-oifigí um aisghabháil sócmhainní freagairt d'iarrataí ó Bhallstáit eile, go háirithe i gcás iarrataí práinneacha. Ba cheart rochtain ar bhunachair sonraí agus ar chlárlanna ábhartha faoin Treoir sin a bheith ina comhlánú ar an rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc de bhun Threoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] agus ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil de bhun Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25].

---

[23] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

[24] Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle (IO L 186, 11.7.2019, lch. 122).

[23] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

[24] Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle (IO L 186, 11.7.2019, lch. 122).

[25] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle am 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, arna leasú le Treoir (AE) 2018/843 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

[25] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle am 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, arna leasú le Treoir (AE) 2018/843 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Chun slándáil na faisnéise a roinntear idir oifigí um aisghabháil sócmhainní a áirithiú, ba cheart úsáid an Fheidhmchláir Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA), arna bhainistiú ag Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], a bheith éigeantach do gach cumarsáid idir oifigí um aisghabháil sócmhainní faoin Treoir sin. Dá bhrí sin, chun a bheith in ann na cúraimí ar fad a shanntar leis an Treoir sin a chomhlíonadh, ba cheart gach oifig um aisghabháil sócmhainní ***a bheith in ann rochtain dhíreach*** a fháil ar SIENA.	(18) Chun slándáil na faisnéise a roinntear idir oifigí um aisghabháil sócmhainní a áirithiú, ba cheart úsáid an Fheidhmchláir Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA), arna bhainistiú ag Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], a bheith éigeantach do gach cumarsáid idir oifigí um aisghabháil sócmhainní faoin Treoir sin. Dá bhrí sin, chun a bheith in ann na cúraimí ar fad a shanntar leis an Treoir sin a chomhlíonadh, ba cheart gach oifig um aisghabháil sócmhainní ***a bheith in ann rochtain dhíreach*** a fháil ***ar*** SIENA.

[26] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a chuirtear in ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

[26] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a chuirtear in ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Tá sé coitianta agus forleathan mar chleachtas go ndéanfadh duine atá faoi amhras nó atá cúisithe maoin nó fáltais a aistriú chuig tríú páirtí, ar tríú páirtí eolach é, chun coigistiú a sheachaint. Is éard atá i gceist le maoin a fuair tríú páirtí ná cásanna ina bhfuair tríú páirtí, cuir i gcás, maoin go díreach nó go hindíreach, mar shampla trí idirghabhálaí, ó dhuine atá faoi amhras nó atá cúisithe, lena n-áirítear tar éis an cion coiriúil a bheithe déanta ar a shon nó chun a leasa, agus i gcás nach bhfuil maoin ag an gcúisí ar féidir í a choigistiú. Ba cheart a bheith in ann an coigistiú sin a dhéanamh i gcásanna ***inar suíodh*** go raibh tríú páirtithe ar an eolas, nó ***gur cheart*** go mbeidís ar an eolas, go ndearnadh an mhaoin a aistriú nó a shealbhú chun coigistiú a sheachaint, ar bhonn fíorais agus imthosca nithiúla, lena n-áirítear go ndearnadh an t-aistriú saor in aisce nó mar mhalairt ar mhéid airgid a bhí i bhfad níos ísle ná an luach margaidh. Ba cheart a chumhdach leis na rialacha maidir le coigistiú tríú páirtí daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha araon, gan dochar do cheart tríú páirtithe éisteacht a fháil, lena n-áirítear an ceart chun úinéireacht na maoine lena mbaineann a éileamh. ***Ar aon chaoi***, níor cheart dochar a dhéanamh do chearta tríú páirtithe bona fide.	(24) Tá sé coitianta agus forleathan mar chleachtas go ndéanfadh duine atá faoi amhras nó atá cúisithe maoin nó fáltais a aistriú chuig tríú páirtí, ar tríú páirtí eolach é, chun coigistiú a sheachaint. Is éard atá i gceist le maoin a fuair tríú páirtí ná cásanna ina bhfuair tríú páirtí, cuir i gcás, maoin go díreach nó go hindíreach, mar shampla trí idirghabhálaí, ó dhuine atá faoi amhras nó atá cúisithe, lena n-áirítear tar éis an cion coiriúil a bheithe déanta ar a shon nó chun a leasa, agus i gcás nach bhfuil maoin ag an gcúisí ar féidir í a choigistiú. Ba cheart a bheith in ann an coigistiú sin a dhéanamh i gcásanna inar***, shuigh cúirt náisiúnta, ar bhonn fíorais agus imthosca nithiúla***, go raibh a fhios ag tríú páirtithe, nó ***go bhféadfaí a bheith ag súil*** go mbeadh a fhios acu, gurbh é cuspóir an aistrithe nó na fála coigistiú a sheachaint ***nó go raibh baint dhíreach nó indíreach ag an maoin aistrithe le hiompar coiriúil***, ar bhonn fíorais agus imthosca nithiúla, lena n-áirítear go ndearnadh an t-aistriú saor in aisce nó mar mhalairt ar mhéid atá i bhfad níos ísle ná an luach margaidh. Ba cheart a chumhdach leis na rialacha maidir le coigistiú tríú páirtí daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha araon, gan dochar do cheart tríú páirtithe éisteacht a fháil, lena n-áirítear an ceart chun úinéireacht na maoine lena mbaineann a éileamh. Níor cheart difear a dhéanamh do chearta tríú páirtithe bona fide ***a sholáthair comaoin ar luach margaidh cothrom chun an tsócmhainn a fháil***. ***Ba cheart an deis a thabhairt do na tríú páirtithe sin a gcuid barúlacha a chur i láthair maidir leis an mbeart coigistíochta atá beartaithe nó a bheith in ann aiseag na maoine a iarraidh***

sa chúirt.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart a bheith in ann coigistiú a dhéanamh freisin i gcás inar deimhin le cúirt gur gnóthaíodh na hionstraimeachtaí, na fáltais, nó an mhaoin atá i gceist de thoradh iompar coiriúil ach i gcás nach féidir ciontú deiridh a bhaint amach mar gheall ar thinneas, éalú nó bás an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe, nó mar gheall nach féidir an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe a chur faoi dhliteanas mar gheall ar dhíolúine nó maithiúnas mar a fhoráiltear faoin dlí náisiúnta. Ba cheart an rud céanna a bheith indéanta i gcás ina bhfuil na teorainneacha ama a fhorordaítear faoin dlí náisiúnta imithe in éag, i gcás nach bhfuil na teorainneacha ama sin sách fada chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar na cionta coiriúla ábhartha. Sna cásanna sin, níor cheart coigistiú a cheadú ach amháin i gcás inar deimhin leis an gcúirt náisiúnta go bhfuil ann do ghnéithe uile an chiona. Ar chúiseanna comhréireachta, ba cheart coigistiú maoine gan ciontú roimhe sin a theorannú do chásanna de choireanna tromchúiseacha. Níor cheart difear a dhéanamh do cheart an chosantóra a bheith curtha ar an eolas faoin imeacht agus dlíodóir a bheith aige.	(26) Ba cheart a bheith in ann coigistiú a dhéanamh freisin i gcás inar deimhin le cúirt gur gnóthaíodh na hionstraimeachtaí, na fáltais, nó an mhaoin atá i gceist de thoradh iompar coiriúil ach i gcás nach féidir ciontú deiridh a bhaint amach mar gheall ar thinneas, éalú nó bás an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe, nó mar gheall nach féidir an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe a chur faoi dhliteanas mar gheall ar dhíolúine nó maithiúnas mar a fhoráiltear faoin dlí náisiúnta. Ba cheart an rud céanna a bheith indéanta i gcás ina bhfuil na teorainneacha ama a fhorordaítear faoin dlí náisiúnta imithe in éag, i gcás nach bhfuil na teorainneacha ama sin sách fada chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar na cionta coiriúla ábhartha. ***Sna cásanna sin, is iomchuí agus is comhréireach teorainn ama 15 bliana a thabhairt isteach. Tá na huirlisí coigistithe sin nach bhfuil bunaithe ar chiontú i bhfeidhm cheana féin ag roinnt Ballstát, ar léir go bhfuil siad an-éifeachtach, go háirithe i gcomparáid le sásraí traidisiúnta coigistíochta. Tugadh aitheantas le fada an lá do shásraí nach bhfuil bunaithe ar chiontú chun sócmhainní a aisghabháil i bpríomhchonarthaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, agus ag comhlachtaí socraithe caighdeán amhail an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF). I gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 2005 maidir le***

Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ón gCoireacht agus maidir le Maoiniú na Sceimhlitheoireachta, iarrtar ar na Páirtithe sa Choinbhinsiún cúnamh a thabhairt do Pháirtithe eile i bhforghníomhú orduithe calctha agus coigistíochta nach bhfuil bunaithe ar chiontú coiriúil. Tá roinnt moltaí eisithe ag Líonra Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní, arna mhaoiniú ag an Aontas, maidir le coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú. Sna cásanna sin, níor cheart coigistiú a cheadú ach amháin i gcás inar deimhin leis an gcúirt náisiúnta go bhfuil ann do ghnéithe uile an chiona. Ar chúiseanna comhréireachta, ba cheart coigistiú maoine gan ciontú roimhe sin a theorannú do chásanna de choireanna tromchúiseacha. Níor cheart difear a dhéanamh do cheart an chosantóra a bheith curtha ar an eolas faoin imeacht agus dlíodóir a bheith aige.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) De thoradh chineál doiléir na coireachta eagraithe, ní i gcónaí is féidir maoin a ghnóthaítear ó ghníomhaíochtaí coiriúla a nascadh le cion coiriúil ar leith agus an mhaoin sin a choigistiú. Sna cásanna sin, ba cheart a bheith in ann coigistiú a dhéanamh faoi choinníollacha áirithe lena n-áirítear go háirithe: go ndéantar an mhaoin a chalcadh ar bhonn amhras faoi choireanna a rinneadh laistigh de chreat eagraíochta coiriúla, go bhfuil an baol ann go mbeidh na cionta coiriúla sin ina gcúis le tairbhí eacnamaíocha shuntasacha agus gur deimhin leis an gcúirt	(28) De thoradh chineál doiléir na coireachta eagraithe, ní i gcónaí is féidir maoin a ghnóthaítear ó ghníomhaíochtaí coiriúla a nascadh le cion coiriúil ar leith agus an mhaoin sin a choigistiú***. Mar sin féin, ba cheart go bhféadfaí sócmhainní a choigistiú fós chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí coiriúla agus chun a áirithiú nach ndéanfar na brabúis a eascraíonn as gníomhaíochtaí coiriúla a athinfheistiú sa gheilleagar dleathach***. Sna cásanna sin, ba cheart a bheith in ann coigistiú a dhéanamh faoi choinníollacha áirithe lena n-áirítear go háirithe: go

gur gnóthaíodh an mhaoin chalctha ó ghníomhaíochtaí coiriúla a rinneadh laistigh de chreat eagraíochta coiriúla. Leis na coinníollacha sin ba cheart a áirithiú go dteorannófaí coigistiú maoine nach bhfuil nasctha le cion sonrach ar ciontaíodh an t-úinéir ina leith, do ghníomhaíochtaí coiriúla de chuid eagraíochtaí coiriúla ar de chineál tromchúiseach iad agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tairbhí substaintiúla. Agus cinneadh á dhéanamh an dócha go mbeidh tairbhí shuntasacha ann de thoradh na gcionta, ba cheart do na Ballstáit imthosca ábhartha uile an chiona a chur san áireamh, lena n-áirítear an ndearnadh na gníomhaíochtaí coiriúla d'fhonn brabúis shubstaintiúla thráthrialta a ghiniúint. Cé nár cheart go mbeadh sé ina réamhchoinníoll gur deimhin leis an gcúirt náisiúnta go ndearnadh cion coiriúil, ní mór gur deimhin leis an gcúirt gur gnóthaíodh an mhaoin atá i gceist ó chionta coiriúla. Agus cinneadh á dhéanamh cibé acu ar gnóthaíodh an mhaoin atá i gceist ó ghníomhaíochtaí coiriúla nó nár gnóthaíodh, ba cheart do na cúirteanna náisiúnta imthosca ábhartha uile an cháis a chur san áireamh, lena n-áirítear go bhfuil an mhaoin go mór ar neamhréir le hioncam dleathach an úinéara. Ansin ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar úinéir na maoine, agus deis éifeachtach a thabhairt dó déanamh amhlaidh, a chruthú gur ó ghníomhaíochtaí dleathacha a gnóthaíodh an mhaoin atá i gceist.

ndéantar an mhaoin a chalcadh ar bhonn amhras faoi choireanna a rinneadh laistigh de chreat eagraíochta coiriúla, go bhfuil an baol ann go mbeidh na cionta coiriúla sin ina gcúis le tairbhí eacnamaíocha shuntasacha agus gur deimhin leis an gcúirt gur gnóthaíodh an mhaoin chalctha ó ghníomhaíochtaí coiriúla a rinneadh laistigh de chreat eagraíochta coiriúla. Leis na coinníollacha sin ba cheart a áirithiú go dteorannófaí coigistiú maoine nach bhfuil nasctha le cion sonrach ar ciontaíodh an t-úinéir ina leith, do ghníomhaíochtaí coiriúla de chuid eagraíochtaí coiriúla ar de chineál tromchúiseach iad agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tairbhí substaintiúla. Agus cinneadh á dhéanamh an dócha go mbeidh tairbhí shuntasacha ann de thoradh na gcionta, ba cheart do na Ballstáit imthosca ábhartha uile an chiona a chur san áireamh, lena n-áirítear an ndearnadh na gníomhaíochtaí coiriúla d'fhonn brabúis shubstaintiúla thráthrialta a ghiniúint. Cé nár cheart go mbeadh sé ina réamhchoinníoll gur deimhin leis an gcúirt náisiúnta go ndearnadh cion coiriúil, ní mór gur deimhin leis an gcúirt gur gnóthaíodh an mhaoin atá i gceist ó chionta coiriúla. Agus cinneadh á dhéanamh cibé acu ar gnóthaíodh an mhaoin atá i gceist ó ghníomhaíochtaí coiriúla nó nár gnóthaíodh, ba cheart do na cúirteanna náisiúnta imthosca ábhartha uile an cháis a chur san áireamh, lena n-áirítear go bhfuil an mhaoin go mór ar neamhréir le hioncam dleathach an úinéara. Ansin ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar úinéir na maoine, agus deis éifeachtach a thabhairt dó déanamh amhlaidh, a chruthú gur ó ghníomhaíochtaí dleathacha a gnóthaíodh an mhaoin atá i gceist. ***Sa chomhthéacs sin, luaitear i Moladh 4 ó FATF freisin gur cheart do thíortha breithniú a dhéanamh ar bhearta a ghlacadh lena gceanglaítear ar chiontóir tionscnamh dleathach na maoine a líomhnaítear go bhfuil sí faoi dhliteanas coigistíochta a léiriú, a mhéid atá an ceanglas sin comhsheasmhach le prionsabail a ndlí***

baile.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach
Aithris 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28a) Ba cheart go bhféadfaí maoin atá le calcadh agus le coigistiú a rianú agus a shainaithint fiú tar éis ciontú deiridh i gcion coiriúil nó tar éis imeachtaí coigistíochta nach bhfuil bunaithe ar chiontú. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh an fhéidearthacht sin cosc ar na Ballstáit teorainneacha ama réasúnta a shocrú tar éis ciontuithe deiridh nó cinntí críochnaitheacha in imeachtaí coigistíochta nach bhfuil bunaithe ar chiontú, agus ina dhiaidh sin ní fhéadfaí an mhaoin sin a rianú agus a shainaithint a thuilleadh.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Chun a áirithiú go gcoinneoidh maoin ***atá*** faoi réir ordú calctha nó ordú coigistíochta nó a d'fhéadfadh a bheith faoina réir a luach eacnamaíoch, ba cheart do na Ballstáit bearta bainistíochta éifeachtacha a chur i bhfeidhm. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin measúnú córasach ar an mbealach is fearr chun luach maoine a chaomhnú agus a bharrfheabhsú sula nglacfaí bearta calctha, ar a dtugtar pleanáil	(29) Chun a áirithiú go gcoinneoidh maoin ***atá*** faoi réir ordú calctha nó ordú coigistíochta nó a d'fhéadfadh a bheith faoina réir a luach eacnamaíoch, ba cheart do na Ballstáit bearta bainistíochta éifeachtacha a chur i bhfeidhm. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin measúnú córasach ar an mbealach is fearr chun luach maoine a chaomhnú agus a bharrfheabhsú sula nglacfaí bearta calctha, ar a dtugtar pleanáil

réamhghabhála freisin.	réamhghabhála freisin. ***Ba cheart pleanáil réamhurghabhála a úsáid i ngach cás mura rud é go mbeadh gá leis an gcéim sin a theorannú nó a ligean amach de bharr phráinne an ábhair.***
	Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach
Aithris 29 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29a) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar éilimh na n-íospartach go hiomlán roimh an mbeart coigistíochta deiridh. Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar éilimh íospartach i ngach imeacht agus go háirithe i gcásanna trasteorann. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit, i gcás inar féidir agus mar ábhar tosaíochta, na bearta is gá a dhéanamh chun an mhaoin lena mbaineann a aiseag nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, luach atá coibhéiseach leis an maoin atá i gceist leis an íospartach a chúiteamh.
	Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach
Aithris 29 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29b) Ba cheart de na Ballstáit bearta lenar féidir maoin choigistithe a úsáid ar mhaithe le leas an phobail nó chun críocha sóisialta. I bhfianaise na gcostas suntasach a bhaineann le rianú agus

sainaithint, calcadh agus coigistiú, is féidir an mhaoin sin a choinneáil mar mhaoin Stáit chun críocha ceartais, forfheidhmithe dlí, seirbhíse poiblí nó eacnamaíocha nó féadfar í a aistriú chuig na húdaráis áitiúla nó réigiúnacha atá freagrach as an limistéar ina bhfuil an mhaoin lonnaithe chun críocha institiúideach, sóisialta nó eacnamaíoch, lena n-áirítear le haghaidh sannadh d'eagraíochtaí a dhéanann obair leasa shóisialta.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Aithris 29 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29c) I gcás inar de thionscnamh tríú tír na sócmhainní coigistithe, ba cheart do na Ballstáit iad a chur ar ais chuig an tríú tír bunaithe ar chomhaontú um aischur. Ba cheart na comhaontuithe um aischur sin a chur ar fáil go poiblí. D'fhéadfaí a leagan amach sna comhaontuithe um aischur sin, inter alia, conas a d'athinfheisteofaí na cistí, mar shampla cúiteamh a thabhairt do chaillteanais íospartach nó rannchuidiú le tionscadail a bhfuil tionchar mór sóisialta acu agus a roghnaíodh bunaithe ar riachtanais na bpobal atá buailte agus ag leanúint nós imeachta trédhearcach.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ba cheart do na Ballstáit oifigí bainistíochta sócmhainní a bhunú chun údaráis speisialaithe a bhunú a mbeidh sé de chúram orthu maoin chalctha agus choigistithe a bhainistiú chun an mhaoin chalctha a bhainistiú go héifeachtach agus a luach a chaomhnú sula gcoigisteofaí í, go dtí go ndéanfaí cinneadh deiridh maidir leis an gcoigistiú. Gan dochar do struchtúir riaracháin inmheánacha na mBallstát, ba cheart gurbh iad na hoifigí bainistíochta sócmhainní an t-údarás aonair a bhainistíonn maoin chalctha nó choigistithe, nó ba cheart dóibh tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe díláraithe i gcomhréir le socruithe bainistíochta náisiúnta, agus tacú leis na húdaráis ábhartha maidir le pleanáil réamhghabhála.	(31) Ba cheart do na Ballstáit oifigí bainistíochta sócmhainní a bhunú chun údaráis speisialaithe a bhunú a mbeidh sé de chúram orthu maoin chalctha agus choigistithe a bhainistiú chun an mhaoin chalctha a bhainistiú go héifeachtach agus a luach a chaomhnú sula gcoigisteofaí í, go dtí go ndéanfaí cinneadh deiridh maidir leis an gcoigistiú. Gan dochar do struchtúir riaracháin inmheánacha na mBallstát, ba cheart gurbh iad na hoifigí bainistíochta sócmhainní an t-údarás aonair a bhainistíonn maoin calctha nó choigistithe, nó ba cheart dóibh tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe díláraithe i gcomhréir le socruithe bainistíochta náisiúnta, agus tacú leis na húdaráis ábhartha maidir le pleanáil réamhghabhála. ***Ar mhaithe le héifeachtúlacht, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar oifigí aisghabhála sócmhainní agus bainistíochta sócmhainní a bhunú laistigh de struchtúr dlíthiúil agus eagraíochtúil aonair.***

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Ba cheart orduithe calctha, coigistíochta agus díolachán idirbhreitheach a chur in iúl don ***pháirtí*** dá ndéantar difear gan mhoill. An chúis a gcuirtear iad ar an eolas faoi na horduithe sin, inter alia, ná chun an deis a thabhairt dóibh cur ina gcoinne os comhair cúirte. Dá bhrí sin, mar riail ghinearálta, ba cheart an chúis nó na cúiseanna leis an ordú lena mbaineann a léiriú nuair a chuirtear in iúl	(34) Ba cheart orduithe calctha, coigistíochta agus díolachán idirbhreitheach a chur in iúl don ***duine*** dá ndéantar difear gan mhoill. An chúis a gcuirtear iad ar an eolas faoi na horduithe sin, inter alia, ná chun an deis a thabhairt dóibh cur ina gcoinne os comhair cúirte. Dá bhrí sin, mar riail ghinearálta, ba cheart an chúis nó na cúiseanna leis an ordú lena mbaineann a léiriú nuair a chuirtear in iúl

don duine dá ndéantar difear é. Ba cheart an deis éifeachtach a bheith ag an bpáirtí dá ndéantar difear agóid a dhéanamh i gcoinne na n-orduithe calctha, coigistíochta agus díolachán idirbhreitheach. I gcás orduithe coigistíochta ina bhfuil ann do ghnéithe uile an chiona choiriúil ach nach féidir ciontú coiriúil a dhéanamh ina leith, ba cheart deis a bheith ag an gcosantóir éisteacht a fháil sula nglacfaí an t-ordú. Ba cheart an deis chéanna a thabhairt don úinéir dá ndéantar difear le hordú chun an mhaoin a dhíol roimh a coigistiú.	don duine dá ndéantar difear é. Ba cheart an deis éifeachtach a bheith ag an bpáirtí dá ndéantar difear agóid a dhéanamh i gcoinne na n-orduithe calctha, coigistíochta agus díolachán idirbhreitheach. I gcás orduithe coigistíochta ina bhfuil ann do ghnéithe uile an chiona choiriúil ach nach féidir ciontú coiriúil a dhéanamh ina leith, ba cheart deis a bheith ag an gcosantóir éisteacht a fháil sula nglacfaí an t-ordú. Ba cheart an deis chéanna a thabhairt don úinéir dá ndéantar difear le hordú chun an mhaoin a dhíol roimh a coigistiú.
	Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Éilíonn córas éifeachtach aisghabhála iarrachtaí comhbheartaithe ó réimse leathan údarás, ó údaráis forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear údaráis chustaim, ó údaráis chánach agus ó údaráis aisghabhála cánach sa mhéid atá siad inniúil ar aisghabháil sócmhainní, oifigí um aisghabháil sócmhainní, údaráis bhreithiúnacha agus údaráis bhainistíochta sócmhainní, lena n-áirítear oifigí bainistíochta sócmhainní. Chun gníomhaíocht chomhordaithe ag na húdaráis inniúla uile a áirithiú, is gá cur chuige níos straitéisí a bhunú maidir le haisghabháil sócmhainní agus comhar níos fearr a chur chun cinn idir na húdaráis ábhartha, agus forbhreathnú soiléir a fháil ar na torthaí ar aisghabháil sócmhainní. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit straitéis náisiúnta maidir le haisghabháil sócmhainní a ghlacadh agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh uirthi mar threoraíocht do ghníomhaíochtaí maidir le himscrúduithe airgeadais, calctha	(39) Éilíonn córas éifeachtach aisghabhála iarrachtaí comhbheartaithe ó réimse leathan údarás, ó údaráis forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear údaráis chustaim, ó údaráis chánach agus ó údaráis aisghabhála cánach sa mhéid atá siad inniúil ar aisghabháil sócmhainní, oifigí um aisghabháil sócmhainní, údaráis bhreithiúnacha agus údaráis bhainistíochta sócmhainní, lena n-áirítear oifigí bainistíochta sócmhainní. Chun gníomhaíocht chomhordaithe ag na húdaráis inniúla uile a áirithiú, is gá cur chuige níos straitéisí a bhunú maidir le haisghabháil sócmhainní agus comhar níos fearr a chur chun cinn idir na húdaráis ábhartha, agus forbhreathnú soiléir a fháil ar na torthaí ar aisghabháil sócmhainní. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit straitéis náisiúnta maidir le haisghabháil sócmhainní a ghlacadh agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh uirthi mar threoraíocht do ghníomhaíochtaí maidir le himscrúduithe airgeadais, calctha

agus coigistiú, agus bainistíocht chomh maith le diúscairt deiridh na n-ionstraimeachtaí, na bhfáltas, nó na maoine ábhartha. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit na hacmhainní is gá a chur ar fáil do na húdaráis inniúla chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart a thuiscint le húdaráis inniúla gurb iad na húdaráis a bhfuil sé de chúram orthu na cúraimí a dhéanamh mar a leagtar amach iad faoin Treoir sin agus i gcomhréir leis na socruithe náisiúnta.	agus coigistiú, agus bainistíocht chomh maith le diúscairt deiridh na n-ionstraimeachtaí, na bhfáltas, nó na maoine ábhartha. ***Ba cheart go n-áireofaí sna straitéisí náisiúnta cur síos ar róil agus freagrachtaí na n-údarás inniúil uile a bhfuil baint acu le sócmhainní a aisghabháil, a choigistiú agus a bhainistiú agus na sásraí sonracha comhair eatarthu.*** Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit na hacmhainní ***agus na cumhachtaí dlí*** is gá a chur ar fáil do na húdaráis inniúla chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart a thuiscint le húdaráis inniúla gurb iad na húdaráis a bhfuil sé de chúram orthu na cúraimí a dhéanamh mar a leagtar amach iad faoin Treoir sin agus i gcomhréir leis na socruithe náisiúnta.
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i measc na mBallstát maidir le staidreamh a bhailiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh trí rialacha níos mionsonraithe ***a ghlacadh*** maidir leis an bhfaisnéis atá le bailiú ***agus*** maidir leis an modheolaíocht chun na ***staitisticí*** a bhailiú.	(41) Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i measc na mBallstát maidir le staidreamh a bhailiú, ***ba cheart do na Ballstáit a áireamh, i gcás na gcionta coiriúla uile, ar a laghad líon na n-orduithe calctha a fhorghníomhaítear, líon na n-orduithe coigistíochta a fhorghníomhaítear, luach na maoine calctha, luach na maoine a aisghabhadh, líon na n-iarrataí ar orduithe calctha a fhorghníomhú i mBallstát eile, líon na n-iarrataí ar orduithe coigistíochta a fhorghníomhú i mBallstát eile, luach na maoine a aisghabhadh tar éis forghníomhú i mBallstát eile, luach na maoine atá le hathúsáid le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí, críocha***

coisctheacha nó sóisialta, líon na gcásanna inar ordaíodh coigistiú i gcomhghaol le líon na gciontuithe sna cionta coiriúla a chumhdaítear leis an Treoir sin, líon na n-iarrataí ar orduithe calctha agus coigistíochta a dhiúltaigh na cúirteanna, an cineál úsáide ar baineadh as an maoin choigistithe agus fad na nósanna imeachta chun an mhaoin choigistithe a leithdháileadh.

Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an treoir sin a fhorlíonadh trí rialacha níos mionsonraithe ***a sholáthar*** maidir leis an bhfaisnéis atá le bailiú***,*** an mhodheolaíocht chun na ***sonraí a bhailiú agus a tharchur chuig an gCoimisiún.***

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Aithris 43 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43a) Chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Treoir sin, chun faisnéis a mhalartú maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an chomhair le tríú tíortha agus chun anailís a dhéanamh ar na straitéisí náisiúnta maidir le gnóthú sócmhainní arna nglacadh ag na Ballstáit chun dea-chleachtais a shainaithint, ba cheart ardán maidir le gnóthú agus coigistiú sócmhainní ("an t-ardán") a bhunú faoi choimirce an Choimisiúin. Ba cheart an t-ardán a bheith comhdhéanta d'ionadaithe ó oifigí aisghabhála sócmhainní agus ó oifigí bainistíochta sócmhainní agus ba cheart ionadaí ón gCoimisiún a bheith ina cathaoirleach

	air. Ba cheart go bhféadfaí cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó Europol, ó Eurojust agus ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh páirt a ghlacadh i gcruinnithe an ardáin.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Ba cheart d'oifigí um aisghabháil sócmhainní comhoibriú go dlúth freisin le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear Europol***,*** ***Eurojust*** agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, a mhéid is gá chun maoin a rianú agus a shainaithint laistigh de na himscrúduithe trasteorann a dtacaíonn Europol ***agus Eurojust*** leo nó laistigh de na himscrúduithe arna ndéanamh ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. Ba cheart d'oifigí um aisghabháil sócmhainní comhoibriú freisin le Europol ***agus le Eurojust,*** i gcomhréir lena ***sainorduithe faoi seach***, a mhéid is gá chun maoin a rianú agus a shainaithint chun cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.	(45) Ba cheart d'oifigí um aisghabháil sócmhainní comhoibriú go dlúth freisin le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, a mhéid is gá chun maoin a rianú agus a shainaithint laistigh de na himscrúduithe trasteorann a dtacaíonn Europol leo nó laistigh de na himscrúduithe arna ndéanamh ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. Ba cheart d'oifigí um aisghabháil sócmhainní comhoibriú freisin le Europol, i gcomhréir ***lena sainordú***, a mhéid is gá chun maoin a rianú agus a shainaithint chun cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach
Aithris 45 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45a) I gcomhréir lena shainordú, ba cheart do Eurojust tacú leis na húdaráis náisiúnta ag gach céim den phróiseas aisghabhála sócmhainní ó rianú agus sainaithint, calcadh, coigistiú agus bainistiú sócmhainní go diúscairt sócmhainní. Ba cheart d'oifigí aisghabhála sócmhainní agus d'oifigí bainistithe sócmhainní comhoibriú go dlúth le Eurojust chun an próiseas iomlán aisghabhála sócmhainní a éascú. Cuimsítear leis an gcomhar sin ionstraimeachtaí, fáltais, nó maoin a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar d'ordú calctha nó coigistíochta nó atá ina ábhar d'ordú calctha nó coigistíochta arna dhéanamh ag údarás inniúil le linn imeachtaí in ábhair choiriúla agus diúscairt ina dhiaidh sin, lena n-áirítear imscrúdú agus ionchúiseamh cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, a rianú agus a shainaithint.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach sin, eadhon coigistiú maoine in ábhair choiriúla a éascú, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann	(47) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach sin, eadhon coigistiú maoine ***in imeachtaí*** in ábhair choiriúla a éascú, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach

an Treoir sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.	san Airteagal sin, ní théann an Treoir sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh ***an XX/XX/20XX***.	(51) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh ***an 19 Iúil 2022***.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 2 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ja) gáinneáil aindleathach ar ábhair núicléacha nó radaighníomhacha;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 2 – pointe j b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jb) coireanna laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta;

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 2 – pointe j c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jc) urghabháil neamhdhleathach aerárthaí nó long;

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 2 – pointe j d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jd) an tsabaitéireacht;

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn ‘maoin’ maoin d’aon chineál, bíodh sí corprach nó neamhchorprach, inláimhsithe nó doláimhsithe, agus doiciméid dhlíthiúla nó ionstraimí dlíthiúla lena bhfianaítear teideal ar an maoin sin nó leas inti;	(2) ciallaíonn ‘maoin’ maoin d’aon chineál, bíodh sí corprach nó neamhchorprach, inláimhsithe nó doláimhsithe, agus doiciméid dhlíthiúla nó ionstraimí dlíthiúla ***i bhfoirm ar bith*** lena bhfianaítear teideal ar an maoin sin nó leas inti;

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) ciallaíonn 'duine dá ndéantar difear':
	(a) duine nádúrtha nó dlítheanach a n-eisítear ordú calctha nó ordú coigistíochta ina choinne nó ina coinne;
	(b) duine nádúrtha nó dlítheanach ar leis nó léi maoin is ábhar d'ordú calctha nó d'ordú coigistíochta; nó
	(c) tríú páirtí a ndéantar dochar díreach leis an ordú sin dá chearta i ndáil le maoin is ábhar d'ordú calctha nó do choigistiú;

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun an comhar trasteorann a éascú, déanfaidh na Ballstáit bearta ionas gur féidir ionstraimeachtaí agus fáltais, nó maoin atá faoi réir ordú calctha nó coigistíochta nó a d'fhéadfadh teacht faoi réir ordú calctha nó coigistíochta le linn imeachtaí ***coiriúla***, a rianú agus a shainaithint go gasta.	1. Chun an comhar trasteorann a éascú, déanfaidh na Ballstáit bearta ionas gur féidir ionstraimeachtaí agus fáltais, nó maoin atá faoi réir ordú calctha nó coigistíochta nó a d'fhéadfadh teacht faoi réir ordú calctha nó coigistíochta le linn imeachtaí ***in ábhair choiriúla***, a rianú agus a shainaithint go gasta.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Chun na cúraimí de bhun mhír 2, pointe (b) a dhéanamh, beidh oifigí aisghabhála sócmhainní i dteideal a iarraidh ar na húdaráis inniúla ábhartha na bearta is gá a dhéanamh chun ionstraimeachtaí, fáltais nó maoin a rianú agus a shainaithint.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar an bhféidearthacht na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 21(2) a chur ar iontaoibh oifigí aisghabhála sócmhainní.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críocha na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5 a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ***dhíreach láithreach*** ag oifigí aisghabhála sócmhainní ar an bhfaisnéis seo ***a leanas*** a mhéid is gá an fhaisnéis sin chun ***fáltais,*** ionstraimeachtaí agus maoin a rianú agus a shainaithint:	1. Chun críocha na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5 a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ***iomchuí*** ag oifigí aisghabhála sócmhainní ar ***aon*** fhaisnéis a mhéid is gá chun ionstraimeachtaí***, fáltais*** agus maoin a rianú agus a shainaithint***. Áireofar ar an rochtain sin, go háirithe***:

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) sonraí fioscacha, lena n-áirítear sonraí atá i seilbh údarás cánach agus ioncaim;	(a) ***rochtain dhíreach láithreach ar na nithe seo a leanas:***
	(i) sonraí fioscacha, lena n-áirítear sonraí atá i seilbh údarás cánach agus ioncaim;
	(ii) na cláir náisiúnta réadmhaoine nó córais leictreonacha aisghabhála sonraí réadmhaoine agus cláir thalún agus cláir chadastracha;
	(iii) na cláir náisiúnta saoránachta agus daonra maidir le daoine nádúrtha;
	(iv) cláir náisiúnta na mótarfheithiclí, na n-aerárthaí agus na n-árthaí uisce;
	(v) bunachair sonraí tráchtála, lena n-áirítear cláir na ngnólachtaí agus na gcuideachtaí;
	(vi) na cláir náisiúnta um úinéireacht thairbhiúil;
	(vii) sonraí atá ar fáil trí idirnascadh na gclár úinéireachta tairbhiúla i gcomhréir le [hAirteagal 12 den Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 COM/2021/423];
	(viii) na cláir náisiúnta slándála sóisialta; agus
	(ix) cláir cuntas bainc, lena n-áirítear faisnéis maidir le haistrithe de shreang.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***na cláir náisiúnta réadmhaoine nó córais leictreonacha aisghabhála sonraí réadmhaoine agus cláir thalún agus cláir chadastracha;***	(b) ***rochtain dhíreach nó indhíreach ar na nithe seo a leanas:***
	(i) an fhaisnéis faoi mhorgáistí agus iasachtaí;
	(ii) an fhaisnéis sna bunachair shonraí náisiúnta um airgeadra agus um malartú airgeadra;
	(iii) an fhaisnéis faoi urrúis;
	(iv) sonraí custaim, lena n-áirítear aistrithe fisiceacha trasteorann airgid thirim;
	(v) faisnéis atá i seilbh cúirteanna tráchtála;
	(vi) faisnéis maidir le ráitis airgeadais bhliantúla ó chuideachtaí;
	(vii) faisnéis ábhartha atá i seilbh na n-údarás atá inniúil as cionta coiriúla a chosc nó a bhrath nó imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh ina leith.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) na cláir náisiúnta saoránachta agus daonra maidir le daoine nádúrtha;	***scriosta***

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cláir náisiúnta na mótarfheithiclí, na n-aerárthaí agus na n-árthaí uisce;	***scriosta***

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) bunachair sonraí tráchtála, lena n-áirítear cláir na ngnólachtaí agus na gcuideachtaí;	***scriosta***

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) na cláir náisiúnta slándála sóisialta;	***scriosta***

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) faisnéis ábhartha atá i seilbh na n-údarás atá inniúil as cionta coiriúla a chosc nó a bhrath nó imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh ina leith.	***scriosta***

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás nach stóráiltear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i mbunachair sonraí nó i gcláir, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir leis na hoifigí um aisghabháil sócmhainní an fhaisnéis sin a fháil go gasta ar mhodh eile.	2. I gcás nach stóráiltear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i mbunachair sonraí nó i gcláir, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir leis na hoifigí um aisghabháil sócmhainní an fhaisnéis sin a fháil go gasta ar mhodh eile. ***I gcás ina n-iarrann oifig aisghabhála sócmhainní rochtain ar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil go díreach di, freagróidh an t-údarás iarrtha an iarraidh go tráthúil.***

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh teimpléad

	caighdeánaithe le haghaidh iarrataí ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal sin.

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag na hoifigí um aisghabháil sócmhainní ar SIENA ***agus go n-úsáidfidh siad córas SIENA chun faisnéis a mhalartú de bhun an Airteagail sin***.	5. ***Malartófar faisnéis faoin Airteagal sin trí SIENA.*** Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ag ***a*** n-oifigí aisghabhála sócmhainní ar SIENA.

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas gur féidir maoin a chalcadh nuair is gá sin chun a áirithiú go bhféadfar an mhaoin chéanna a choigistiú faoi Airteagal 12.	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas gur féidir maoin a chalcadh nuair is gá sin chun a áirithiú go bhféadfar an mhaoin chéanna a choigistiú faoi Airteagal 12. ***Is éard a bheidh sna bearta calctha orduithe calctha agus gníomhaíocht láithreach i bhfoirm bearta sealadacha calctha práinneacha.***

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Áireofar ar na bearta calctha*** gníomhaíocht láithreach ***a bheidh*** le déanamh nuair is gá sin chun an mhaoin a chaomhnú.	2. ***Déanfar*** gníomhaíocht láithreach ***i bhfoirm bearta sealadacha calctha práinneacha*** nuair is gá chun an mhaoin a chaomhnú.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas go mbeifear in ann coigistiú a dhéanamh ar fháltais, nó ***ar*** mhaoin eile ***a gcomhfhreagraíonn a luach d'***fháltais, a d'aistrigh duine atá faoi amhras nó atá cúisithe, go díreach nó go hindíreach, chuig tríú páirtithe, nó a fuair tríú páirtithe ó dhuine atá faoi amhras nó atá cúisithe.	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas go mbeifear in ann coigistiú a dhéanamh ar fháltais, nó ar mhaoin eile ***suas go dtí an*** luach ***a chomhfhreagraíonn do na fáltais sin***, a d'aistrigh duine atá faoi amhras nó atá cúisithe go díreach nó go hindíreach chuig tríú páirtithe, nó a fuair tríú páirtithe ó dhuine atá faoi amhras nó atá cúisithe. ***Cumasófar coigistiú na bhfáltas nó na maoine eile sin i gcás ina suífidh cúirt náisiúnta, bunaithe ar fhíorais agus imthosca nithiúla, go raibh a fhios ag na tríú páirtithe sin, nó go bhféadfaí a bheith ag súil go mbeadh a fhios acu, gurbh é cuspóir an aistrithe nó na fála coigistiú a sheachaint nó go raibh baint dhíreach nó indíreach ag an maoin aistrithe le hiompar coiriúil.*** ***Féadfar a bhí i gceist leis na fíorais agus na himthosca sin go ndearnadh an t-aistriú nó an éadáil saor in aisce nó mar mhalairt ar mhéid atá díréireach leis an luach margaidh.***

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní dhéanfaidh mír 1 dochar do chearta tríú páirtithe bona fide.	***scriosta***

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) na teorainneacha ama a fhorordaítear faoin dlí náisiúnta a bheith imithe in éag, ***i gcás*** nach bhfuil na teorainneacha ama sin ***sách fada chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar na cionta coiriúla ábhartha***.	(f) tá na teorainneacha ama a fhorordaítear leis an dlí náisiúnta dulta in éag, ***ar choinníoll*** nach bhfuil na teorainneacha sin ***níos faide ná 15 bliana***.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní fhéadfar coigistiú a dhéanamh gan chiontú roimh ré ach amháin i gcás cionta coiriúla a bhféadfadh tairbhe mhór eacnamaíoch eascairt astu, go díreach nó go hindíreach, agus ní fhéadfar é a dhéanamh ach a mhéid is deimhin leis an gcúirt náisiúnta gurb ann do gnéithe uile an chiona.	2. Ní fhéadfar coigistiú a dhéanamh gan chiontú roimh ré ach amháin i gcás cionta coiriúla a bhféadfadh tairbhe mhór eacnamaíoch eascairt astu, go díreach nó go hindíreach, agus ní fhéadfar é a dhéanamh ach a mhéid is deimhin leis an gcúirt náisiúnta gurb ann do gnéithe uile an chiona***, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil,*** go bhfuil eilimintí uile an chiona ann ***agus***

	go ndíorthaítear na hionstraimeachtaí, na fáltais nó an mhaoin atá le coigistiú ón iompar coiriúil atá i gceist nó go bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu leis.

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas gur féidir maoin a choigistiú, i gcás nach féidir coigistiú a dhéanamh de bhun Airteagail 12 go 15 agus ***ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:***	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun gur féidir maoin a choigistiú, i gcás nach féidir coigistiú a dhéanamh de bhun Airteagal 12 go hAirteagal 15 agus ***i gcás inar deimhin leis an gcúirt náisiúnta gur díorthaíodh an mhaoin chalctha ó chion coiriúil a d'fhéadfadh a bheith ina chúis, go díreach nó go hindíreach, le tairbhe shubstaintiúil eacnamaíoch agus a rinneadh faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil. Chun a chinneadh an ó chion coiriúil a dhíorthaítear an mhaoin chalctha, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear imthosca uile an cháis san áireamh, lena n-áirítear na fíorais shonracha agus an fhianaise atá ar fáil, amhail luach na maoine a bheith díréireach go substaintiúil le hioncam dleathach úinéir na maoine.***

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit a machnamh faoi bhearta a dhéanamh lenar féidir maoin choigistithe a úsáid ar mhaithe le leas an phobail nó chun críocha sóisialta.	***scriosta***

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 17a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 17a
	Úsáid bhreise a bhaint as an maoin choigistithe
	1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lenar féidir maoin choigistithe a úsáid ar mhaithe le leas an phobail nó chun críocha sóisialta. Féadfar an mhaoin sin a choimeád mar mhaoin Stáit chun críocha ceartais, forfheidhmithe dlí, seirbhíse poiblí nó eacnamaíocha nó féadfar í a aistriú chuig na húdaráis áitiúla nó réigiúnacha atá freagrach as an limistéar ina bhfuil an mhaoin, chun críocha institiúideacha, sóisialta nó eacnamaíocha, lena n-áirítear lena sannadh d'eagraíochtaí a dhéanann obair leasa shóisialta.
	2. I gcás inar de thionscnamh tríú tír na sócmhainní coigistithe, déanfaidh na Ballstáit gach beart iomchuí chun iad a chur ar ais chuig an tríú tír.
	Tá an oibleagáid sin gan dochar don fhéidearthacht cuid de na sócmhainní a choinneáil chun na costais a bhaineann le rianú agus sainaithint nó bainistiú a bhaineann go díreach leis na sócmhainní

sin a chumhdach.

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cúiteamh le haghaidh ***íospartach***	Cúiteamh agus ***aiseag*** le haghaidh ***íospartach***

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina bhfuil éilimh ag íospartaigh, mar thoradh ar chion coiriúil, in aghaidh an duine atá faoi réir beart coigistíochta dá bhforáiltear faoin Treoir sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach ndéanfaidh ***an*** beart coigistíochta ***difear do chearta na n-íospartach cúiteamh a fháil ar a*** n-éilimh.	I gcás ina bhfuil éilimh ag íospartaigh, mar thoradh ar chion coiriúil, in aghaidh an duine atá faoi réir beart coigistíochta dá bhforáiltear faoin Treoir sin, déanfaidh na Ballstáit***, mar ábhar tosaíochta,*** na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear ***éilimh na n-íospartach ar chúiteamh san áireamh roimh an mbeart coigistíochta deiridh. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar éilimh an íospartaigh i gcásanna trasteorann***.

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina bhfuil íospartach i dteideal, mar thoradh ar chion coiriúil, maoin atá faoi réir coigistithe a aiseag, déanfaidh na Ballstáit, i gcás inar féidir agus mar ábhar tosaíochta, na bearta is gá chun an mhaoin lena mbaineann a aiseag leis an íospartach.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás nach féidir an mhaoin a aiseag leis an íospartach i gcomhréir le mír 2, agus go bhfuarthas sócmhainní airgeadais mar thoradh ar fhorghníomhú an choigistithe nó an díola idirbhreithigh i ndáil leis an maoin sin, aistreofar na sócmhainní sin chuig an íospartach chun críocha aisig.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit, sula n-eiseofar ordú calctha de réir bhrí Airteagal 11, mír 1, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as bainistíocht maoine calctha nó coigistithe measúnú ar na costais a d'fhéadfaí a thabhú agus bainistíocht á déanamh ar an maoin a d'fhéadfaí a chalcadh chun luach na	2. Áiritheoidh na Ballstáit, sula n-eiseofar ordú calctha de réir bhrí Airteagal 11, mír 1, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as bainistíocht maoine calctha nó coigistithe measúnú ar na costais a d'fhéadfaí a thabhú agus bainistíocht á déanamh ar an maoin a d'fhéadfaí a chalcadh chun luach na

maoine sin a chaomhnú agus a bharrfheabhsú go dtí go ndiúscrófar í.	maoine sin a chaomhnú agus a bharrfheabhsú go dtí go ndiúscrófar í***, mura rud é go mbeadh gá ann gan an measúnú sin a dhéanamh mar gheall ar phráinn cáis***. ***Beidh údar cuí le haon chinneadh a dhéanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú sin a ligean uathu.***
	Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 20 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tá an mhaoin atá faoi réir calctha meatach nó tá sí ag dímheas ***go gasta***;	(a) tá an mhaoin atá faoi réir calctha meatach nó tá sí ag dímheas;
	Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 20 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirtear leasa úinéir na maoine, lena n-áirítear an mhaoin a bheith éasca le hathsholáthar nó a mhalairt, san áireamh nuair a eisítear ordú díolacháin idirbhreithigh. Ach amháin i gcásanna ealaithe, áiritheoidh na Ballstát go dtabharfar fógra agus éisteacht d'úinéir na maoine a d'fhéadfadh a bheith faoi réir díolachán idirbhreitheach sula ndíolfar í. Tabharfar an deis don úinéir a iarraidh go ndíolfar an mhaoin.	2. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirtear leasa úinéir na maoine, lena n-áirítear an mhaoin a bheith éasca le hathsholáthar nó a mhalairt, san áireamh nuair a eisítear ordú díolacháin idirbhreithigh. Ach amháin i gcásanna ealaithe, áiritheoidh na Ballstát go dtabharfar fógra d'úinéir na maoine a d'fhéadfadh a bheith faoi réir díolachán idirbhreitheach agus***, más gá, go*** n-éistfear é sula ndíolfar í. Tabharfar an deis don úinéir a iarraidh go ndíolfar an mhaoin.
	Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar an bhféidearthacht na cúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) a chur ar iontaoibh oifigí bainistíochta sócmhainní.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás orduithe coigistíochta de bhun Airteagal 13, áireofar ar na himthosca sin na fíorais agus na himthosca ar ar bunaíodh an toradh go raibh an tríú páirtí ar an eolas, nó ***gur cheart*** go mbeadh sé ar an eolas, go ndearnadh an t-aistriú nó an sealbhú chun coigistiú a sheachaint.	I gcás orduithe coigistíochta de bhun Airteagal 13, áireofar ar na himthosca sin na fíorais agus imthosca ar a raibh an cinneadh bunaithe go raibh an tríú páirtí ar an eolas, nó go bhféadfaí a bheith ag súil go raib sé ar an eolas gurbh é cuspóir an aistrithe nó na fála coigistiú a sheachaint ***nó go raibh baint dhíreach nó indíreach ag an maoin aistrithe le hiompar coiriúil ar bhonn fíorais agus imthosca nithiúla***. ***Féadfar a áireamh leis na fíorais agus na himthosca sin go ndearnadh an t-aistriú nó an éadáil saor in aisce nó mar mhalairt ar mhéid atá díréireach leis an luach margaidh.***

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás orduithe coigistíochta de bhun Airteagal 14 agus Airteagal 16, áireofar ar na himthosca sin na fíorais shonracha agus an fhianaise a bhí ar fáil, a úsáideadh mar bhonn eolais chun a mheas gur maoin í an mhaoin lena mbaineann a fuarthas as iompar coiriúil.	I gcás orduithe coigistíochta de bhun Airteagal 14 agus Airteagal16, áireofar ar na himthosca sin na fíorais shonracha agus an fhianaise a bhí ar fáil, a úsáideadh mar bhonn eolais chun a mheas gur maoin í an mhaoin lena mbaineann a fuarthas ***go díreach nó go neamhdhíreachas*** iompar coiriúil.

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Glacfaidh na Ballstáit straitéis náisiúnta maidir le haisghabháil sócmhainní faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach sin] agus tabharfaidh siad cothrom le dáta í go tráthrialta agus gach ***cúig*** bliana ar a laghad.	1. Glacfaidh na Ballstáit straitéis náisiúnta maidir le haisghabháil sócmhainní faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach sin] agus tabharfaidh siad cothrom le dáta í go tráthrialta agus gach ***trí*** bliana ar a laghad.

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cuspóirí, tosaíochtaí agus bearta straitéiseacha chun feabhas a chur ar iarrachtaí na n-údarás inniúil náisiúnta uile a ghlacann páirt in aisghabháil maoine mar a leagtar amach sa Treoir sin;	(a) cuspóirí, tosaíochtaí agus bearta straitéiseacha chun feabhas a chur ar iarrachtaí na n-údarás inniúil náisiúnta uile a ghlacann páirt in aisghabháil ***agus i mbainistiú*** maoine mar a leagtar amach sa Treoir sin;

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) creat rialachais chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach, lena n-áirítear***tuairisc ar róil agus freagrachtaí na n-údarás inniúil agus*** na ***sásraí*** comhair uile;	(b) creat rialachais chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach, lena n-áirítear comhar ***éifeachtach idir oifigí aisghabhála sócmhainní agus aonaid um fhaisnéis airgeadais;***

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) na hacmhainní a chuirtear ar fáil do na húdaráis inniúla***, lena n-áirítear an oiliúint***;	(d) ***acmhainní airgeadais iomchuí*****,*****oiliúint iomchuí agus cumais dhlíthiúla iomchuí** arna gcur ar fáil do na húdaráis inniúla;

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) dul ar iontaoibh na féidearthachta sócmhainní calctha agus coigistithe a úsáid ar mhaithe le leas an phobail nó

chun críocha sóisialta.

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 2 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), déanfaidh na Ballstáit measúnú cuí freisin ar an bhféidearthacht agus ar na tairbhí féideartha a bhaineann lena n-oifigí aisghabhála sócmhainní agus bainistíochta sócmhainní a thabhairt faoi struchtúr aonair dlíthiúil agus eagraíochtúil.

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 26 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) luach measta nó iarbhír na maoine tráth a calctha***, a coigistithe agus a diúscartha***;	(b) luach measta nó iarbhír na maoine tráth a calctha;

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 26 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Ainmneoidh na Ballstáit an t-

	údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as bainistiú na gclárlann láraithe.
	Measfar gurb iad na húdaráis sin an rialaitheoir de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Threoir (AE) 2016/680.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Baileoidh na Ballstáit ***staitisticí*** cuimsitheacha ar an leibhéal náisiúnta maidir leis na bearta a thógtar faoin Treoir sin agus coinneoidh siad ar bun iad.	1. Déanfaidh na Ballstáit ***staidreamh cuimsitheach*** a bhailiú ***go rialta ó na húdaráis ábhartha*** agus a chothabháil ar an leibhéal lárnach maidir leis na bearta arna ndéanamh faoin Treoir sin ***chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a gcóras coigistíochta***.

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbailítear na staitisticí dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn féilire agus go dtarchuirtear iad chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil, faoin [1 Meán Fómhair] an bhliain dár gcionn.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbailítear na staitisticí dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn féilire agus go dtarchuirtear iad chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil, faoin [1 Meán Fómhair] an bhliain dár gcionn. ***Déanfar na staitisticí a bhaileofar a sheoladh chuig an gCoimisiún gach bliain agus áireofar sna staitisticí sin an méid seo a leanas maidir le gach cion coiriúil:***

(a) líon na n-orduithe calctha arna bhforghníomhú;

(b) líon na n-orduithe calctha arna bhforghníomhú;

(c) luach na maoine a calcadh;

(d) luach na maoine a aisghabhadh;

(e) líon na n-iarrataí ar orduithe calctha atá le forghníomhú i mBallstát eile;

(f) líon na n-iarrataí ar orduithe calctha atá le forghníomhú i mBallstát eile;

(g) luach na maoine a aisghabhadh tar éis forghníomhú i mBallstát eile;

(h) luach na maoine atá le hathúsáid chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, chun críocha coisc nó chun críocha sóisialta;

(i) líon na gcásanna inar ordaíodh coigistiú i gcomhchoibhneas le líon na gciontuithe sna cionta coiriúla a chumhdaítear leis an Treoir sin;

(j) líon na n-iarrataí ar orduithe calctha agus coigistíochta a dhiúltaigh na cúirteanna;

(k) an cineál úsáide a cuireadh ar an maoin choigistithe; agus

(l) fad na nósanna imeachta chun an mhaoin choigistithe a leithdháileadh.

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 27a (nua)
	An tArdán maidir le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú

Bunófar ardán um aisghabháil agus coigistiú sócmhainní ("an t-ardán") faoi choimirce an Choimisiúin. Beidh an t-ardán comhdhéanta d'ionadaithe ó oifigí aisghabhála sócmhainní agus ó oifigí bainistíochta sócmhainní agus déanfaidh ionadaí ón gCoimisiún cathaoirleacht air. Tionólfar an t-ardán go tráthrialta.

Déanfaidh an t-ardán an méid seo a leanas:

(a) comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Treoir sin;

(b) faisnéis a mhalartú maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an chomhair le tríú tíortha;

(c) anailís a dhéanamh ar na straitéisí náisiúnta maidir le gnóthú sócmhainní arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 24 chun dea-chleachtais a shainaithint.

Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó Europol, ó Eurojust agus ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh páirt a ghlacadh i gcruinnithe an ardáin.

Or. en

(Cuirtear Airteagal 27a (nua) isteach i gCaibidil VII roimh Airteagal 28.)

Leasú 73

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Oibreoidh na hoifigí um aisghabháil sócmhainní i gcomhar le Europol ***agus Eurojust, i gcomhréir lena réimsí inniúlachta***, chun sainaithint na n-ionstraimeachtaí agus na bhfáltas, nó	2. Oibreoidh na hoifigí um aisghabháil sócmhainní i gcomhar le Europol, chun sainaithint na n-ionstraimeachtaí agus na bhfáltas, nó maoine a atá faoi réir ordú calctha nó

maoine a atá faoi réir ordú calctha nó coigistíochta nó a d'fhéadfadh teacht faoi réir ordú calctha nó coigistíochta arna dhéanamh ag údarás inniúil le linn imeachtaí ***coiriúla***, a éascú, agus, i gcás inar gá, chun cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

coigistíochta nó a d'fhéadfadh teacht faoi réir ordú calctha nó coigistíochta arna dhéanamh ag údarás inniúil le linn imeachtaí ***in ábhair choiriúla*** a éascú, agus, i gcás inar gá, chun cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 28 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Comhoibreoidh oifigí aisghabhála sócmhainní agus oifigí bainistithe sócmhainní go dlúth le Eurojust chun an próiseas aisghabhála sócmhainní a éascú i gcomhréir le sainordú Eurojust, lena n-áirítear ionstraimeachtaí agus fáltais, nó maoin a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar d'ordú calctha nó coigistíochta arna dhéanamh ag údarás inniúil le linn imeachtaí in ábhair choiriúla agus diúscairt ina dhiaidh sin, a rianú agus a shainaithint, ach gan a bheith teoranta dóibh, lena n-áirítear le linn cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 33 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoin [dáta theacht i bhfeidhm + 3 bliana], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar chur chun feidhme na Treorach sin.	1. Faoin [dáta theacht i bhfeidhm + 3 bliana], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar chur chun feidhme na Treorach sin. ***Áireofar sa tuarascáil measúnú mionsonraithe ar an bhféidearthacht agus ar na tairbhí a bhaineann leis na clárlanna láraithe dá dtagraítear in Airteagal 26 a idirnascadh trí phointe rochtana aonair chun go mbeidh oifigí aisghabhála sócmhainní in ann cuardach a dhéanamh go díreach agus láithreach ar na sonraí atá iontu, faoi réir coimircí ábhartha.***

Or. en